

Comhaireamh Naíonáin Shóisearacha/Shinsearacha agus rang a hAon/a Dó

As Ready Set Go Maths (E. Pitt) and Elementary and Middle School Mathematics Teaching Developmentally (an Séú hEagrán) le John A. Van de Walle

Sula mbeifear in ann an cumas raon de nithe a chomhaireamh a fhorbairt, is gá a bheith in ann uimhirfhocail a aithris. Bíonn cumas leanaí uimhreacha a aithris níos forbartha de ghnáth ná a gcumas nithe a chomhaireamh. Go minic, áfach, ní bhíonn tuiscint iomlán ag scoláirí a bhfuil deacrachtaí Mata acu ar sheichimh uimhreacha agus féadann siad níos mó muiníne a fháil sa réimse seo má dhéanann an múinteoir obair chórúil 10 nóiméad gach lá.

Ní mór na gnéithe seo a leanas a bheith ag baint leis na seisiúin sin:

- Luas tapa
- Rannpháirtíocht dhíograiseach
- Dhá nó trí chineál de ghníomhaíochtaí gearra dírithe (cinnteoidh éagsúlacht suim)
- Gníomhaíocht fhisiceach
- Freagairt chórúil
- Freagairt aonair

Ní mór na cumais seo a leanas a fhorbairt sna scoláirí:

- Comhaireamh ar aghaidh
- Comhaireamh siar
- Comhaireamh ar aghaidh/siar ó thúsphointí éagsúla

Gníomhaíochtaí molta:

- **Bata Comhairimh**
- **Comhaireamh rithime:** bain úsáid as gníomhaíochtaí amhail bualadh bos, bualadh, tapáil. Canann scoláirí uimhirfhocail le buille na rithime.
- **Úll comhairimh:** (luascadán) Canann scoláirí uimhreacha ar comhbhuille le húll ar luascadh (meáchan ceangailte le téad fhada). Is féidir é seo a úsáid chun cainníochtaí/tacair nithe a chomhaireamh.

- **Uimhirlíne bheo:** Tugtar cártaí móra ar a bhfuil gach uimhir do na leanaí agus iarrtar orthu iad a chur i líne in ord seichimh. Ansin, iarrann an múinteoir/scoláire ar na scoláirí eile iad a mhalartú leo siúd sa líne ag leagan béime ar theanga: roimh/ina dhiaidh, níos mó ná/níos lú ná, idir, an chéad/dara..., an ceann is mó/is lú etc.
- **Cluiche Fuaim Uimhreach:** Cuireann an múinteoir ciúbanna i stán. Comhaireann na scoláirí go ciúin ina gceann. Fairsingiú: tógann an múinteoir ciúbanna amach agus cuireann cinn eile isteach i ndiaidh do na leanaí comhaireamh a dhéanamh.
- **Cluiche Seasaimh agus Suí:** Seasann scoláirí agus ansin suíonn siad agus an seicheamh uimhreacha riachtanach á rá acu.
- **Cluiche bualadh bos agus bloisc:** Comhaireamh ar aghaidh ag bualadh bos ar comhbhuille leis an gcomhaireamh agus ansin comhaireamh siar ag baint bloisc as na mearaí ar comhbhuille leis an gcomhaireamh.
- **Greadadh agus tapáil:** Aimsíonn scoláirí spás ar aghaidh an bhoird. Comhaireamh ar aghaidh ag greadadh na gcos ag an am céanna. Anois, comhaireamh siar ag tapáil a nguailí ar comhbhuille leis an gcomhaireamh. (Déan seo gan sos!).
- **Uimhirlíne ranga** (Pionnaí ar líne): Comhaireamh ar aghaidh/siar ag féachaint ar gach uimhir. Síneann an múinteoir mear chuig uimhir agus deir na scoláirí an uimhir sin le chéile. Abair an uimhir roimh uimhir/i ndiaidh uimhreach. Cas uimhir amháin timpeall, deir scoláirí (go haonarach) an uimhir i bhfolach agus míníonn siad a gcuid smaointeoireachta.

- **Taispeán dom é:** Taispeánann an múinteoir spléach-chártaí ar a bhfuil nithe éagsúla. Comhaireann scoláirí go ciúin agus taispeánann siad an uimhir chomhfhreagartha ar chártaí uimhreacha.
- **Bog do mharcóir:** Tá uimhirlíne (1-5/1-10/100-chearnóg) agus áiritheoir/ciúb ag an scoláire. Tugann an múinteoir treoracha e.g. “Cuir do x ar an uimhir a thagann díreach roimh/i ndiaidh” nó aon uimhir níos má ná.../idir etc.
- **Ceann agus guailí:** Tapáil ar cheann agus ghuaillí faoi seach de réir rithime. Abair an seicheamh uimhreacha ag an am céanna. Ansin, cuir leis agus iarr ar scoláirí an uimhir a rá nuair a thapáiltear an ceann amháin. Deirtear an uimhir ar thapáil na nguailí go ciúin.
- **Cuir timpeall an Teidí:** Seasann scoláirí i gciorcal. De réir mar a chuirtear Teidí ó dhuine go duine timpeall an fháinne deir scoláirí an chéad uimhir eile nó féadann siad a rá “Is mise a haon agus tugaim do a dó é” etc.
- **Comhaireamh Timpeall:** Seasann scoláirí i gciorcal agus comhaireann siad timpeall, gach leanbh ag rá na chéad uimhreach eile sa seicheamh. Tosaítear an comhaireamh ag a haon, seasann an scoláire a deir 12 síos. Leantar leis go dtí go bhfuil leanbh amháin fós ina sheasamh. (is féidir é seo a athrú trí sheichimh níos giorra/faide a úsáid, pointí tosaigh/críochnaithe éagsúla a úsáid, é a dhéanamh siar).
- **Cór Comhairimh:** Roinn an rang i dtrí ghrúpa. Glacann an múinteoir ról an stiúrthóra le baitín. Tosaíonn an múinteoir ag comhaireamh agus ansin síneann an baitín i dtreo grúpa amháin chun leanúint leis an gcomhaireamh d’aon ghuth. Síneann an múinteoir an baitín i dtreo grúpa eile agus leantar ar aghaidh.

- **Cluiche Láimhe**: roghnaíonn an múinteoir pointe tosaigh, 12 mar shampla. Má ardaíonn an múinteoir a lámh is gá comhaireamh ceann sa bhreis, ciallaíonn lámh síos uimhir amháin níos lú. (Fairsingiú air seo - ciallaíonn an lámh a bheith ar aghaidh ar thaobh na láimhe deise 10 gcinn níos mó, ciallaíonn an lámh i dtreo thaobh na láimhe clé 10 gcinn níos lú.)
- **Míreanna Mearaí 100-Chearnóg**: 100-chearnóg gearrtha ina codanna. Tugann an múinteoir na codanna do na leanaí. Cuireann na leanaí an 100-chearnóg le chéile arís.
- **Déan m’uimhir a thomhas**: Taispeáin cuid d’uimhir do na leanaí agus iarr orthu an uimhir a thomhas. Iarr orthu a bhfreagra a mhíniú.
- **Aimsigh agus Brú**: Ní mór áireamhán a bheith ag gach leanbh. Ba chóir iarraidh ar gach leanbh an cnaipe ‘Clear’ a bhrú ag tús gach cluiche. Ansin, deir tú an uimhir agus brúnn na leanaí an uimhir sin ar an áireamhán. Má tá áireamhán cláir bháin idirghníomhaigh agat, féadann tú an uimhir cheart a thaispeáint do na leanaí ionas gur féidir leo a bhfreagraí a dheimhniú, nó féadann tú an uimhir a scríobh ar an gclár ionas gur féidir leis na leanaí na huimhreacha a sheiceáil. Tosaigh le huimhreacha aondigite. Níos déanaí, téigh ar aghaidh go dhá nó trí uimhir ráite i ndiaidh a chéile. Mar shampla, abair ‘a trí, a seacht, a haon.’ Brúnn leanaí an tsraith iomlán d’uimhreacha de réir mar a deirtear iad.
- **Ag Comhaireamh ar Áiritheoirí**: Tabhair bailiúchán de 10/12 áiritheoir bheaga do na leanaí a chuirfidh iad i líne ó chlé go deas ar a ndeasc. Abair leo ceithre áiritheoir a chomhaireamh agus iad a bhrú faoina lámh chlé nó iad a chur i gcupán. Ansin, abair, ‘Sín do mhéar i

dtreo do láimhe. Cé mhéad atá ann?’ (4). ‘Mar sin, comhairfimid mar seo:

- **Cruthaigh Tacar Dhá-Cheann-Níos-Mó-Ná:** Tabhair thart ar sé phonc-chárta do na scoláirí. Is é an tasc atá le déanamh acu ná tacar áiritheoirí a chruthú atá dhá cheann níos mó ná an tacar ar an gcárta. Ar an gcuma chéanna, leathnaigh 8-10 bponc-chárta amach, agus aimsigh cárta eile do gach ceann acu ar a bhfuil dhá cheann níos lú an cárta i gceist. (Fág na cártaí 1 agus 2 le haghaidh dhá cheann níos lú ná, agus mar sin de.).
- **Meaisín Dhá-Cheann-Níos-Lú-Níos-Mó-Ná A Dhéanamh as Áireamhán:** Déan conas meaisín-dhá-cheann-níos-mó-ná a mhúineadh do na leanaí. Brúigh $0 + 2 =$. Déanann sé seo meaisín-dhá-cheann-níos-mó-ná as an áireamhán. Anois, brúigh ar uimhir ar bith e.g. 5. Coinníonn leanaí a méar thar an eochair = agus réamh-mheasann siad go mbeidh an uimhir dhá cheann níos mó ná 5. Ansin, brúinn siad = chun é seo a dheimhniú. Mura mbrúnn siad aon cheann de na heochracha oibríochta (+, -, x, ÷), leanfaidh an ‘meaisín’ ar aghaidh ag feidhmiú mar seo.
- **Spléach-Chártaí Pátrúin**